

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ CÉADAONIN, 15th MEITHEAMH – TRATHNÓNA, 2.00 p.m. – 5.00 p.m.

Tá an páipéar seo roinnte i 3 roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ag dul don chéad cheist agus tá 60 marc an ceann ag dul don dtrí cheist atá fágtha.

Ba chóir d'iarrthóirí **CHEIST 1 AMHÁIN** a fhreagairt **NÓ** tabhairt faoi **DHÁ CHEANN** ar bith den trí cheist atá fágtha sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc an ceann ag dul go gach aon cheist acu. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ CHEANN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc an ceann ag dul do gach cheist den dhá cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ar an bpáipéar seo: tá sé an-tábhachtach, áfach, go dtaispeántar oibríochtaí sa leabhar freagraí/sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

ROINN 1 (120 marc)

Freagair Ceist 1 NÓ aon DHÁ ceist eile.

1. Trádálaí Aonair - Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh amach an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Shéamais Stíobhairt ar 31/12/1998.

	£	£
Foirgnimh (costas £656,250).....	485,000	
Veaineanna seachadta (costas £90,000).....	55,000	
Infheistíochtaí 12% 1/6/1998.....	150,000	
Morgáiste seasta 9% (morgáiste breise £40,000 ar 9% a fuarthas ar 1/4/1998 san áireamh).....		200,000
Paitinní (ag áireamh ioncam infheistíochta 4 mhí a fuarthas).....	50,500	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe.....	45,400	64,400
Ceannacháin agus Díolacháin.....	495,000	774,000
Stoic 1/1/1998.....	47,600	
Coimisiún.....	20,000	
Soláthar in aghaidh drochfhiach.....		2,200
Tuarastail agus Speansais ghinearálta.....	96,100	
Lascaine (ghlan).....		2,700
Cíos.....		8,800
Ús ar mhorgáiste íochta don chéad trí mhí.....	4,500	
Árachas (Fionraí san áireamh).....	7,200	
CBL.....		6,700
ASPC.....		1,800
Banc.....		74,900
Líníochtaí.....	29,200	
Caipiteal.....		350,000
	<u>1,485,500</u>	<u>1,485,500</u>

Ní mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Ar 31/12/1998 ba é £46,900 luach an stoic ar a chostas. Tá stoc damáistithe san áireamh anseo a chosain £3,900 ach arbh é £2,400 a ghlanluach inréadaithe anois.
- (ii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna ar an ráta bliantúil 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

NÓTA: Ar 31/3/1998 trádáladh isteach veain seachadta a chosain £16,000 ar 31/5/1994, in aghaidh veain nua a chosain £20,000. Rinneadh liúntas £7,000 in aghaidh an tseanveain. Déileáladh go mícheart leis an seic ar ghlanmhéid an bhirt seo mar cheannachán stoic thrádála. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (iii) Tá paitinní, a bhfuil ioncam infheistíochta 4 mhí san áireamh ann, le díscríobh thar tréimhse 5 bliana ag tosú i 1998.
- (iv) Níl aon taifead sna leabhair i leith “earraí faoi bhealach” ar 31/12/1998. Fuarthas an sonra i leith na n-earraí seo agus an praghas molta miondíola £12,500 luaite air, is é sin, costas móide 25%.
- (v) Éiríonn an figiúr fionraí de thoradh bhreacadh mícheart ar fhigiúr ar ús morgáiste sa chuntas ús morgáiste, agus lascaine £400 a fuarthas, a breacadh i gcuntas na greidmheasóirí amháin. Cuireadh síos an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (vi) Déan soláthar d’ús morgáiste dlite.
- (vii) Ceannaíodh trádstóras i rith na bliana ar £50,000 móide CBL ar 12.5%. Breacadh sa chuntas foirgnimh an tsuim a íocadh leis an díoltóir. Ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas CBL.
- (viii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar na foirgnimh ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. Cinneadh athluacháil ar £900,000 a dhéanamh ar na foirgnimh ar 31/12/1998.
- (ix) Déan coigeartú ar an soláthar in aghaidh drochfhiach go dtí 4% de na fiachóirí.

Iarrtar ort iad seo a ullmhú:

- (a) Cuntas trádála brabúis agus cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (75)
- (b) Clár comhordaithe mar a bheadh ar 31/12/1998. (45)

(120 marc)

2. Dímheas Sócmhainne Seasta

Ullmhaíonn Meariompar Tta. na cuntais chríochnaitheacha acu go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí an chomhlachta a chuid feithiclí a dhímheas ar ráta bliantúil 15% ar a gcostas, áirithe ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha, agus déantar an dímheas seo a charnadh i gCuntas Sholáthar in aghaidh Dímheasa.

Ar 1/1/1997 bhí na feithiclí seo a leanas i seilbh Meariompar Tta:

- Uimh. 1 a ceannaíodh ar 1/1/1993 ar £60,000
- Uimh. 2 a ceannaíodh ar 1/9/1994 ar £68,000
- Uimh. 3 a ceannaíodh ar 1/3/1995 ar £72,000

Ar 1/4/1997 smiotadh Feithicil Uimh. 3 i dtimpiste agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicle nua a chosain £76,000. Fuair an comhlacht cúiteamh ar luach £25,000 agus íocadh seic £54,000 ar an bhfeithicil nua.

Ar 1/8/1997 trádáladh isteach Feithicil Uimh. 1 ar £20,000 in aghaidh feithicle nua a chosain £78,000. Feistíodh aonad cuisniúcháin i bhfeithicil Uimh. 1 ar 1/1/1995 ar chostas £15,000. Rinneadh dímheas ar an aonad cuisniúcháin ar ráta 30% dá chostas gach bliain den chéad dá bhliain, agus ina dhiaidh sin ar ráta 15% pa dá chostas.

Iarrtar ort a thaispeáint, agus oibríochtaí agat, na cuntais seo a leanas do gach bliain den dá bhliain 1997 agus 1998.

- (a) An Cuntas Feithiclí (8)
 - (b) An Cuntas Sholáthar in aghaidh Dímheasa (36)
 - (c) Cuntas Dhiúscairt na bhFeithiclí (16)
- (60 marc)**

3. Cuntais Feirme

San áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais Mháire agus Pheadair Sionóid, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, bhí siad seo a leanas ar 1/1/1998. Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas £280,000; Meaisíní ar a gcostas £50,000; Leictreachas dlite £350; Seic bainne dlite £2,200; Luach eallaigh £56,000; Luach caorach £17,000; Stoc breosla £700.

Seo a leanas achoimre a baineadh as a leabhar íocaíochtaí seic agus lóisteálacha don bhliain dar chríoch 31/12/1998.

Lóisteálacha	£	Íocaíochtaí seic	£
Iarmhéid	2,500	Leasacháin	2,900
Bainne	27,000	Caoirigh	18,000
Caoirigh	21,000	Pá déirí	1,700
Eallach	11,000	Eallach	15,000
Uain	12,400	Speansais ghinearálta feirme	14,800
Gamhna	5,800	Solas, teas agus breosla	3,350
Préimh fóisceanna	3,800	Líníochtaí	7,700
Olann	1,400	Deisiúcháin	6,100
Préimh mairteola	2,300	Táillí tréidliachta	1,650
Préimh foraoiseachta	1,800	Iasacht ACC agus ús 15 mí	
Ús sé mí ar		ar 8% sa bhliain ar 31/3/1998	16,500
8% Infheistíochtaí	800	Iarmhéid	2,100
	<u>89,800</u>		<u>89,800</u>

Ní mór a fhaisnéis agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Ba é luach an bheostoic ar 31/12/98

	Eallach	Caoirigh
	£57,000	£19,000
- (ii) Táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach i rith na bliana - Bainne £660; Uaineoil £250.
- (iii) Déantar speansais feirme, leasachán, agus táillí tréidliachta a dháileadh 60% i leith "Eallach agus Bainne" agus 40% i leith "Caorach".
- (iv) Déantar speansais eile a dháileadh 80% i leith na feirme agus 20% i leith an teaghlach.
- (v) Déantar dímheas ar Mheaisíní ar ráta 20% sa bhliain ar a gcostas.
- (vi) Tá seic don VHI ar £600 san áireamh sna táillí tréidliachta.
- (vii) Ar 31/12/1998 bhí seic bainne dlite ar £1,950; ba é £300 luach na gCreidmheasóirí ar leasacháin agus ba é £550 luach an Stoic Bhreosla.

Iarrtar ort iad seo thíos a ullmhú:

- (a) Ráiteas Caipitil don fheirm ar 1/1/1998. (25)
 - (b) Cuntas Anailíse Fiontraíochta maidir le "Eallach agus Bainne" agus "Caoirigh" don bhliain dar críoch 31/12/1998. (20)
 - (c) Cuntas ginearálta Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (15)
- (60 marc)**

4. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas cláir chomhardaithe Airde Ctp. mar a bhí ar 31/12/1997 agus ar 31/12/1998 mar aon le cuntas coimrithe brabúis agus cailiteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998.

Cuntas Coimrithe Brabúis agus Cailiteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998

	£	£
Brabús oibriúcháin		313,000
Ús íochta		(9,000)
Brabús roimh cháin		304,000
Cánacha		(134,000)
Brabús tar éis cánach		170,000
Díbhinní - eatramhacha	30,000	
- molta	50,000	(80,000)
Brabús choinnithe don bhliain		90,000
Brabús choinnithe ar 1/1/1998		185,000
Brabús choinnithe ar 31/12/1998		275,000

Cláir Chomhardaithe ar:

	31/12/1998		31/12/1997	
	£	£	£	£
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus foirgnimh	500,000		550,000	
Lúide: dímheas carntha	(100,000)	400,000	(105,000)	445,000
Meaisíní ar a gcostas	360,000		280,000	
Lúide: dímheas carntha	(184,000)	176,000	(112,000)	168,000
		576,000		613,000
Sócmhainní Airgeadais				
Infheistíochtaí luaite		100,000		40,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	335,000		205,000	
Fiachóirí	280,000		295,000	
Banc	59,000		12,000	
	674,000		512,000	
Lúide Creidmheasóirí: suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin				
Creidmheasóirí trádála	206,000		222,000	
Cánacha	134,000		113,000	
Díbhinní	50,000		45,000	
	(390,000)		(380,000)	
Glansócmhainní Reatha		284,000		132,000
		960,000		785,000
Arna maoiniú ag:				
Creidmheasóirí: suimeanna a bheidh dlite tar éis aon bhliain amháin				
Bintiúir 10%		80,000		120,000
Caipiteal agus cúlchistí				
Gnáthscaireann ar £1		580,000		480,000
Scairphréimh		25,000		
Cuntas brabúis agus cailiteanais		275,000		185,000
		960,000		785,000

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil chomh maith:

- 1 Ní raibh diúscairt ar mheaisíní i rith na bliana ach ceannaíodh meaisíní nua.
- 2 Níor cuireadh le líon na bhfoirgneamh i rith na bliana. Rinneadh diúscairt ar fhoirgnimh ar £55,000.
- 3 Ba é £10,000 an dímheas don bhliain a gearradh ar fhoirgnimh, a áiríodh agus an brabús oibríochta á chinneadh.

Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (20)
 - (b) Ráiteas faoi shreabhadh airgid ullmhú do Airde Ctp. don bhliain dar chríoch 31/12/1998. (40)
- (60 marc)**

ROINN 2 (200 marc)

Freagar **DHÁ CHEIST** ar bith.

5. Míniú ar Chuntais

Is iad seo na figiúir iarbhír don bhliain dar críoch 31/12/1998 agus na figiúir réamh-mheasta don bhliain dar críoch 31/12/1999 ag Stáir Ctp. a bhfuil caipiteal £900,000 údaraithe aige, déanta suas de 700,000 Gnáthscair ar £1 an ceann agus 400,000 Scair Tosaíochta 8% ar £0.50 an ceann. Tá 350,000 Gnáthscair agus na Scaireanna Tosaíochta a uile eisiithe cheana féin ag an gcomhlacht. Feidhmíonn an comhlacht Stáir Ctp in earnáil na fóillíochta.

	1998		Réamh-mheasta 1999	
	£	£	£	£
Díolacháin		850,000		990,000
Stoic Thosaigh	55,000		60,000	
Stoic Dheiridh	60,000		62,000	
Costas Díolachán		<u>625,000</u>		<u>720,000</u>
Brabús Comhlán		225,000		270,000
Speansais Iomlána Oibríochta don bhliain		<u>155,000</u>		<u>161,000</u>
		70,000		109,000
Ús		(24,000)		(24,000)
Díbhíní		(35,000)		(40,000)
Brabús Choinnithe		11,000		45,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1		<u>48,000</u>		<u>59,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12		<u>59,000</u>		<u>104,000</u>
		£		£
Sócmhainní Seasta		700,000		700,000
Infheistíochtaí (luach margaidh 31/12/1998 - £200,000)		160,000		160,000
Sócmhainní Reatha		226,000		229,000
Creidmheasóirí Trádála		(142,000)		(95,000)
Díbhinní Molta		<u>(35,000)</u>		<u>(40,000)</u>
		<u>909,000</u>		<u>954,000</u>
Bintíúir (Urrúis) 8% 2006		300,000		300,000
Gnáthscaireanna		350,000		350,000
Scaireanna Tosaíochta		200,000		200,000
Luach Margaidh aon Ghnáthscair amháin		£1.20		£1.30

(a) Áirigh seo a leanas do 1998 agus 1999.

- (1) An tréimhse cairde atá faighte ó Chreidmheastóirí Trádála.
- (2) An cumhdach Úis.
- (3) An toradh Díbhinní.
- (4) Cén tréimhse ama a ghlacfadh sé ar aon ghnáthscair amháin chun teacht ar ais ar a luach féin de réir an ráta íochta amach atá ann faoi láthair? (45)

(b) An mbeadh na gnáthscairshealbhóirí sásta le saothar, le staid agus le todhchaí measta an chomhlachta? Bain úsáid as cóimheasanna oiriúnacha agus as eolas eile mar thaca le do fhreagra. (35)

(c) Tá Stáir Ctp. ag lorg iasacht £100,000 ar an mbanc chun leathnú breise a dhéanamh. Cuir comhairle ar an mbainisteoir bainc ar chóir nó nár chóir dó an iasacht a cheadú. Bain úsáid as coibhnis ábhartha agus as eolas eile mar thaca le do fhreagra. (20)

(100 marc)

6. Cuntais Foilsithe

Seo thíos an comhardú trialach ag Suláin Ctp. mar atá ar 31/12/1998:

	Dr. £	Cr. £
Infheistíochtaí shócmhainní seasta	400,000	
Paitinn ar 1/1/1998	140,000	
Foirgneamh - costas ar 1/1/1998	600,000	
Foirgneamh - dímhéas carntha ar 1/1/1998		48,000
Stoc ar 1/1/1998	700,000	
Fiachóirí agus Creidmheasóirí	167,000	224,000
Bintiúir 8% 2003/2004		300,000
Ceannacháin agus Díolacháin	6,100,000	7,840,000
Costais dáileacháin	530,000	
Speansais riaracháin	712,000	
Ioncam ó chíos		48,000
Ús íochta ar bhintiúir	12,000	
Díbhinní eatramhacha	20,000	
Brabús ar thalamh a dhíol		75,000
Banc	19,000	
Scairchaipeal údraithe agus eisithe		
Gnáthscaireanna @ £1 an ceann		350,000
Scaireann tosaíochta 6% @ £1 an ceann		200,000
Brabús agus cailteanas ar 1/1/1998		210,000
Soláthar i gcoinne drochfhiach		23,000
CBL		82,000
	<u>9,400,000</u>	<u>9,400,000</u>

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:

- (i) Is é £740,000 luach an stoic ar 31/12/1998.
- (ii) Déantar soláthar do dhímheas mar seo a leanas:

Foirgneamh – líne dhíreach 2% (Níor ceannaíodh ná níor díoladh aon fhoirgneamh i rith na bliana). Díoladh talamh a bhí cóngarach d'áitreabh an chomhlachta i rith na bliana. Chosain sí £45,000 tráth agus díoladh í ar £120,000. Ag deireadh na bliana, rinne an comhlacht athluacháil ar £750,000 ar an bhfoirgneamh aige. Is mian leis an gcomhlacht an luach seo a chorprú i gcuntais na bliana seo.
- (iii) Déan soláthar do:

Luach saothair stiúthóirí £60,000
Luach saothair iniúchóirí £8,500
Cáin chorparáide £220,000
Ús ar bhintiúir dlite ar 31/12/1998
- (iv) Fuarthas an phaitinn ar 1/1/1995 ar £200,000. Tá amúchadh á dhéanamh uirthi thar tréimhse dheich mbliana ina gálaí cothroma. Ba chóir an t-amúchadh a chur san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- (v) Ar 1 Iúil 1998, íocadh díbhinní eatramhacha £14,000 agus £6,000 leis na scairshealbhóirí agus leis na scairshealbhóirí tosaíochta faoi seach. Molann na stiúrthóirí go n-íocfaí an díbhinn tosaíochta atá dlite agus díbhinn chríochnaitheach ar ghnáthscaireann ar 6p an scair.
- (vi) Tá na hinfeistíochtaí shócmhainní seasta i gcomhlachtaí liostaithe. Ba é £450,000 luach margaidh na n-infheistíochtaí seo ar 31/12/1998. Níor ceannaíodh ná níor díoladh infheistíochtaí ar bith i rith na bliana.
- (vii) Tá na bintiúir faoi urrús ag táille sheasta os cionn shócmhainní seasta soláimhsithe an chomhlachta.

Iarrtar ort:

- (a) An cuntas foilsithe brabúis agus cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1998 a ullmhú agus clár comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin, faoi réir ag Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta is déanaí. Taispeáin na nótaí seo a leanas:
 - 1 Nóta ar pholasaí cuntasaíochta maidir le sócmhainní seasta soláimhsithe agus le stoc
 2. Brabús oibríochta
 3. Ús le hÍoc
 4. Díbhinní
 5. Sócmhainní seasta soláimhsithe (85)
- (b) Cad iad na critéir a shonraíonn méid Chomhlachta Poiblí agus méid Chomhlachta mhóir Phríobháidigh? (15)

(100 marc)

7. Ráiteas Táblach

Taispeántar staid airgeadais Saidléar Tta. ar 1/1/1998 sa chlár comhardaithe thíos:

Clár Comhardaithe mar atá ar 1/1/1998

	Costas £	Dímheas chun dáta £	Glan £
Sócmhainní Seasta			
Talamh agus foirgnimh	250,000	20,000	230,000
Trealamh	40,000	15,000	25,000
	<u>290,000</u>	<u>35,000</u>	<u>255,000</u>
Sócmhainní Reatha			
Stoc		65,000	
Fiachóirí (Lúide: soláthar 5%)		76,000	
		<u>141,000</u>	
Lúide: Creidmheasóirí: suim a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin.			
Creidmheasóirí	59,000		
Banc	21,000		
Speansais dlite	2,000	82,000	
Glansóchnainní Reatha			59,000
			<u>314,000</u>
Arna mhaoiniú ag:			
Caipiteal agus Cúlchistí			
Údaraithe - 400,000 gnáthscair @ £1 an ceann			280,000
Eisithe - 280,000 gnáthscair @ £1 an ceann			12,000
Scairphréimh			22,000
Iarmhéid brabúis agus cailteanais			<u>314,000</u>

Rinneadh na bearta seo a leanas i rith 1998:

- Ean** Cheannaigh Saidléar Tta. gnólacht in aice láimhe. San áireamh ann bhí foirgnimh £110,000, fiachóirí £15,000 agus creidmheasóirí £35,000. Scaoileadh an praghas ceannaigh trí 80,000 scair i Saidléar Tta a dheonú don díoltóir ar phréimh 25p an scair.
- Feabh** Chinn Saidléar Tta. ar an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar £500,000, a bhfuil talamh ar luach £50,000 san áireamh ann ar 28/2/1998.
- Márta** Fuarthas íocaíocht £900 ó fhiachóir ar díscríobhadh a fhiach roimhe sin, agus a bhfuil fonn air trádáil arís le Saidléar Tta. Is ionann é seo agus 60% den bhunfhiach, agus gheall an fiachóir go nglanfaidh sé an fuilleach faoi Nollaig 1998.
- Aib** Cuireadh ar ais earraí a bhí díolta roimhe sin ar £720. Ba é praghas díola na n-earraí seo ná a gcostas móide 20%. De bharr na moille á seoladh ar ais eisíodh nóta creidmheasa ag léiriú asbhaint 10% den praghas díola mar tháille athstocála.
- Bealt** Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine ag léiriú dochar díreach ar £1,800 chun díol as árachas veaineanna don bhliain dar críoch 31/3/1999, agus fuarthas aistriú creidmheasa ar £3,600 i leith cíos 9 mí íoctha roimh ré ó 1 Bealtaine amach.
- Meith** Ghlac creidmheasóir a raibh Saidléar Tta. i bhfiacha £400 leis, le trealamh, a raibh luach £300 air de réir na leabhar, mar chúiteamh iomlán san fhiach. Chosain an trealamh £800 tráth.
- Iúil** Íocadh díbhinn eatramhach 6p an scair.
- DF** Fuarthas £50,000 de bharr fuilleach na scaireanna a eisiúint.
- Samh** Fuarthas fuilleach an drochfhéich, a bhí díscríofa roimhe sin, de réir mar a aontaíodh sa Mhárta.
- Noll** Tá na foirgnimh le dímheas den bhliain ar ráta 2% pa den luach ar 28/2/1998.

Iarrtar ort:

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an éifeacht a bhí ag gach beart an bhfiachas thuas ar an tsócmhainn, an bhfiachas, agus an cuntas Caipitíl agus Cúlchistí, agus cinn agus taispeán na sócmhainní agus na fiachais go hiomlán ar 31/12/1998.

(100 marc)

[THALL→

ROINN 3 (80 marc)
Freagair CEIST AMHÁIN ar bith.

8. Costáil Imeachach

Déanann ó Samson Tta. earra amháin a tháirgeadh, bosca úirlisí. Seo a leanas cuntas brabúis agus cailleanais ag an gcomhlacht don bhliain dar críoch 31/12/1998, bliain inar táirgeadh agus inar díoladh 80,000 aonad.

	£	£
Díolacháin (80,000 aonad)		880,000
Ábhair	280,000	
Saothar díreach	140,000	
Forchostais mhonarchan	80,000	
Speansais riaracháin	104,000	
Speansais díolaíochta	146,000	750,000
Glanbhrabús		130,000

Is costais athraitheacha iad na hábhair, an saothar díreach agus 40% de na forchostais mhonarchan. Lasmuigh den choimisiún 5% ar dhíolacháin, is costais sheasta iad an díolaíocht agus an riarachán.

Iarrtar ort iad seo a leanas áireamh:

- (a) Pointe meá ar mheá an chomhlachta agus an lamháil sábháilteachta aige.
- (b) An líon aonad nach mór a dhíol i 1999 más mian leis an gcomhlacht glanbhrabús a ghnóthú a bheidh 20% níos mó ná mar a bhí i 1998, ag glacadh leis nach dtagann athrú ar bith ar an bpraghas díola, ná ar na leibhéil chostais ná ar na céatadáin.
- (c) An brabús a dhéanfaidh an comhlacht i 1999 dá n-ísleodh sé a phraghas díolacháin go £10, ardú £6,000 a chur ar a chostais sheasta, agus dá réir sin go méadóidh sé líon na n-aonad díolacháin go 90,000 gan athrú ar bith ar na leibhéil chostais ná ar na céatadáin eile.
- (d) An costas díolacháin is gá don chomhlacht a ghearradh i 1999, má thagann ardú 10% ar chostais sheasta, agus má fhanann méid an díolacháin agus an brabús gan athrú.
- (e) An líon aonad is gá a dhíol ar luach £11 an t-aonad chun go mbeidh brabús comhionann le 10% den teacht isteach ar dhíolachán na n-aonad céanna seo.

(80 marc)

9. Buiséadú Solúbtha

Déanann O Suillebheán Ctp. páirt a mhonarú don tionscal mótaí. Ullmhaíodh na buiséid sholúbtha seo a leanas cheana féin de réir 50%, 60% agus 75% d'acmhainn na monarchan.

Leibhéil aschuir	50%	60%	75%
Aonaid	5,000	6,000	7,500
	£	£	£
Ábhair dhíreacha	55,000	66,000	82,500
Pá díreach	35,000	42,000	52,500
Forchostais táirgíochta	39,000	44,000	51,500
Forchostais eile	12,000	14,000	17,000
Speansais riaracháin	20,000	20,000	20,000
	161,000	186,000	223,500

Déantar brabús a bhuiséadú mar 25% den díolachán.

Iarrtar ort:

- (a) Na costais thuas a rangú de réir costais sheasta, costais athraitheacha, agus costais mheasctha.
- (b) Na forchostais táirgíochta a dheighilt ina míreanna seasta agus ina míreanna athraitheacha.
- (c) Na forchostais eile a dheighilt ina míreanna seasta agus ina míreanna athraitheacha.
- (d) Buiséad solúbtha a ullmhú i gcomhair leibhéal gníomhaíochta 90%.
- (e) An buiséad a athlua, agus úsáid á baint agat as prionsabail an chostála imeallaigh, agus taispeáin an cion tairbhe.
- (f) Cé an fáth go usáidtear buiséad solúbtha agus cad taispeánann é.

(80 marc)